

**Réamhrá**

De réir spioraid an CLG, cuireann an lámhleabhar seo rannpháirtíocht na ndaltaí uile chun cinn. Déanann sé iarracht a chinntiú ní hamháin gur féidir le gach dalta a bheith páirteach sa chlár, ach go n-éireoidh leo ina gcuid iarrachtaí, agus go mbeidh taitheí dearfach acu.

**Pleanáil don Idirdealú**

- Grúpáil:**
- Grúpaí cumais mheasctha
  - Triaid / Triúireanna
  - Obair bheirte
  - Piartheagasc / Córas Buddy

**Ionchur**

*Treoracha do leanáí:*

Cur i láthair, Taispeántais, ó chluas, ábhar físe, aoichainteoir Tabhair treoracha soiléire, nó déan léaráidí soiléire. Bris an tasc i gcéimeanna, le noda ar féidir leis na leanáí féachaint orthu, - déan ceann samplach nó cur i láthair. - Cuir líne faoi na focail thábhachta agus tarraing aird na ndaltaí ar na gnéithe tábhachtacha -iarr ar dhalta aithris a dhéanamh ar na treoracha nó iad a thabhairt do dhalta eile.

**Tasc:**

Cuir an tasc in oiriúint do leibhéal éagsúla deacrachta. Cuir ábhair a oibreoidh mar scafall don fhoghlaimoir - noda ar féidir leo féachaint orthu, fráma, réamhfhéachaint, tuar a thabhairt. Iarr ar na daltaí a bheith ag obair ar chodanna éagsúla den tasc i ngrúpaí

**Cur i láthair, áiseanna agus ábhair:**

Bileoga oibre a chur in oiriúint do na daltaí - cló mór (Arial, Sasson, Century, Gothic etc). - leagan amach soiléir, aird a tharraingt ar fhocail thábhachta scríobh / labhair / déan / cur i láthair ó bhéal nó i bhfoirm íomhánna - bain úsáid as éagsúlacht ábhair agus déan iad seo a nascadh leis an saol (turaí allamuigh / aoichainteoirí)

**Toradh**

Tabhair léiriú ar an scéal trí phictiúir a tharraingt pictiúir, clárscéalta, cur chuige chlabhsúr mapa scéil/ tráth na gceist/ - seicheamhacht agus ord na habairtí a athrú, freagairt bhriathartha/ nó déan taifead ar ghréasán téipe/focail/ gréasán topaicí - déan machnamh, cuir i mbeirteanna, roinn agus déan cinnte go mbeidh na freagairtí féincheartaithe más féidir.

**Nótaí an Mhúinteora chun dul leis na Bileoga Oibre****Bileog Oibre 9 (A) - Bloc-chúnamh**

Is uirlis aitheanta go maith é bloc-chúnamh chun cumas daltaí le riachtanais speisialta oideachais a fhorbairt chun focail a léamh agus a litriú, focail nach mbíonn aon phatrún fóineolaíochta aitheanta acu (m.sh. focail ardmhínicíochta - liosta Dolch).

- Chun a leithéid d'fhocail a litriú bíonn ar an leanbh amharciómha agus próiseas a inmheánú agus oibriú leis.
- Díríonn an ghníomhaíocht seo ar amharciómha láidir den fhocal a chruthú agus feacht fhóinéimeach a fhorbairt ag an am céanna, is ionann é sin agus feacht ar fhuaimneanna litreacha aonair.



**Treoracha**

Bíonn ar an dalta iad seo a leanas a dhéanamh le haghaidh na gníomhaíochta seo:

1. Cruth an fhocail sa bhosca téacs a mheaitseáil leis an mbosca bloc-chúnaimh ceart thíos.
2. Na spásanna bána a líonadh isteach ag úsáid an fhocail ceart as an mbosca téacs.
3. Imreoirí contae a bhfuil cáil mhór orthu a chur in ord aibítire agus a mheaitseáil leis na contaetha ar leith.

*Réitigh*

Ard Mhacha - Stephen McDonnell

Corcaigh - Seán Óg Ó h-Ailpín

Baile Átha Cliath - Alan Brogan

Cill Chainnigh - DJ Carey

Maigh Eo - Cora Staunton

Loch Garman - Damien Fitzhenry

Port Láirge - Dan Shanahan

**Cleachtadh Sínte**

- Tóg liosta Dolch / liosta den 100 focal is coitianta;
- Roinn an rang ina mbeirteanna.
- Tabhair 10 – 15 focal do gach beirt agus iarr ar na leanaí a gcuid cruthanna bloc-chúnaimh féin a chur le chéile.

Is féidir é seo a iompú isteach ina ghrúpgníomhaíocht ag úsáid an chláir bháin agus é a shíneadh chun láimhsiú fóinéimeach a chur san áireamh ann m.sh. ag scríobh focal ardmhínicíochta ar an gclár bán m.sh. alán. Iarr ar dhalta dhá litir a athrú chun bán a dhéanamh as agus méadaigh castacht na gníomhaíochta de réir a chéile.

Maidir leis an ngníomhaíocht oird aibítire cuir ina mbeirteanna arís iad agus déan iad seo a leanas

- Tabhair liosta de Chontaetha na hÉireann do gach beirt.
- Abair leis na daltaí na contaetha a chur in ord aibítire.
- Faoi dheireadh caithfidh siad gach contae a mheaitseáil leis an suaitheantas nó na dathanna faoi leith (Is féidir iad a íoslódáil ar [www.gaa.ie](http://www.gaa.ie)).

**Bileoga Oibre 9 (B) (C) (I) (J) – Dífreáil**

Is gníomh lárnach é an cleachtadh dífreála chun leibhéal ratha nó gnóthachain a chinntiú dár gcuid daltaí ar fad. Is modh é dífreáil chun ábhair cur i láthair nó ionchais a saincheapadh chun leibhéal cumais éagsúla na ndaltaí ar fad a mheaitseáil laistigh de sheomra ranga príomhshrutha éagsúil an lae inniu.

Tá **Bileog Oibre 9 (A) & (B)** tógtha as na rannáin Béarla agus Staire agus tá siad idirdhealaithe chun freastal ar leibhéal cumais níos ísle laistigh den seomra ranga.

Dá bhrí sin tá BILEOGA OIBRE 8I agus 8J curtha isteach againn chun gníomhaíochtaí breise a chur ar fáil do pháistí tréitheacha agus sárbhucacha. Is eol dúinn go féidir leis a bheith deacair ard-ábhar a aimsiú a bhaineann leis an gCuraclam Gaeilge agus dá bharr sin beidh ábhar forlíonach ar fáil ar líne. (Féach ar an rannán Acmhainní le haghaidh sonraí a fháil faoin láithreán gréasáin).



**Bileog Oibre 8 (D) – Feasacht Amhairc Aireachtála & Spásúil**

Díríonn an ghníomhaíocht seo ar scileanna feasachta amhairc aireachtála agus spásúla a fhorbairt atá riachtanach sa phróiseas scríbhneoireachta agus in Amharc-scileanna agus scileanna mínluaileacha ginearálta.

- Cuidíonn sé seo chun scríobh agus scileanna Amharc -luaileach a fheabhsú/a fhorbairt.
- Cuireann sé smaointeoireacht chriticiúil chun cinn.

**Treoracha**

Bíonn ar an dalta iad seo a leanas a dhéanamh le haghaidh na gníomhaíochta seo:

1. Críochnaigh íomhá den Sean suaitheantas CLG a cuireadh ar fáil.
2. Dath isteach an íomhá chríochnaithe agus gearr amach é.

**Cleachtadh Sínte**

Úsáid bileog eangaí bhán:

- Abair leis na daltaí íomhá shiméadrach dá gcuid féin a dhéanamh.
- Ba cheart go mbeadh baint ag an íomhá leis an CLG agus caithfidh sé a bheith siméadrach.
- Nuair atá sé seo críochnaithe iarr ar an dalta é a bhabhtáil lena chomhpháirtí agus na híomhánna ar leith a chríochnú.

**Bileog Oibre 8 (E) – Bileog Chóid (Cuimhne Amhairc Sheicheamhach)**

Tá an cleachtadh cóid deartha chun cuimhne amhairc sheicheamhach an dalta a fhorbairt. Ag an am céanna tá tú ag cur chun cinn cumas an dalta chun scanadh a dhéanamh, ar príomhscil é chun téacs a thuiscint agus ceisteanna a fhreagairt.

- Cuireann an ghníomhaíocht seo cuimhne reatha agus gearrthéarmach an dalta chun cinn, atá mar phríomh chomhpháirteanna sa chumas atá ag an dalta rud a fhoghlaim.
- Forbraíonn sé cumas an dalta chun téacs agus figiúirí a chóipeáil ón gclár.

**Treoracha**

Tugtar uimhir do gach litir as an aibítir agus úsáidtear na huimhreacha seo chun cód a dhéanamh.

1. Caithfidh na daltaí an uimhir a mheaitseáil leis an litir a léiríonn sé.
2. Bris an cód de réir a chéile. Bíonn ar an dalta an litir a léiríonn an uimhir a inmheánú agus cód a fháil as agus oibriú leis an eolas sin.
3. Bristear an cód de réir a chéile agus taispeántar an t-imreoir leis a mbaineann an téacs.

**Cleachtadh Sínte**

Cuir an rang i ngrúpa agus iarr orthu sraith nua cód a chruthú.

- Ag úsáid na heangaí ag íochtar na bileoige, iarr ar na daltaí an cód nua a thógáil síos.
- Cruthaíonn siad teachtaireacht rúnda nó leid faoi imreoir CLG cáiliúil. Go simplí, iarr ar an dalta a leid féin a baineann le imreoir CLG cáiliúil a chruthú agus féachaint an mbeidh a chomhpháirtí in ann an leid a oibriú amach agus an t-imreoir a dhéanamh amach.



**Bileog Oibre 8 (F) – Scríbhneoireacht Chruthaitheach**

Anseo féachaimid ar scríbhneoireacht chruthaitheach i bhfoirm abairte shimplí. Is bealach é chun scafallú a dhéanamh ar an bpróiseas scríbhneoireachta cruthaitheachta.

**Treoracha**

Bíonn ar an dalta iad seo a leanas a dhéanamh le haghaidh na gníomhaíochta seo:

1. Caithfidh siad smaoinimh go cruthaitheach ar bhealach chun abairt a chruthú leis an dá fhocal atá ar fáil dóibh.
2. Tá an bosca focal thuas deartha chun stór focal ardmhínicíochta a chur ar fáil chun cabhrú leis an tasc a chríochnú agus chun fáil réidh le imní a bhaineann míltriú. Tá an ghníomhaíocht seo sínte ansin chun roinnt ionramháil fhóinéimeach a chur san áireamh tríd úsáid a bhaint as suimeanna focail.

**Cleachtadh Sínte**

Chun an ghníomhaíocht seo a threisiú

- Iarr ar na daltaí suas le deich fhocal roghnaithe a chur isteach i ngearrscéal.
- Tabhair pictiúir/íomhánna do na daltaí in áit focail agus iarr orthu iad a chur i ngearrscéal.

**Bileog Oibre 9 (G) – Ag Scríobh Abairtí**

Díríonn an cleachtadh seo ar struchtúr abairte, agus cuireann sé chun cinn an cumas atá ag an dalta chun abairtí a chruthú i gceart.

- Tá iachall ar na daltaí léamh go cúramach agus a bheith eolach faoin tábhacht atá le gach focal ó thaobh éifeachtacht iomlán na habairte.
- Tá sé tábhachtach mar go bhfágann go leor daltaí le riachtanais speisialta oideachais, go háirithe daltaí le deacracht foghlama ar leith, príomhfhocail amach as a gcuid scríbhneoireachta.
- Féachann an dara gníomhaíocht ar an leathanach ar na bealaí difriúla atá ann chun an rud céanna a rá.
- uirtear béim go féidir an abairt ar fad a athrú le focal amháin a chur isteach nó a bhaint amach.

**Cleachtadh Sínte**

Chun an ghníomhaíocht seo a shíneadh

- Nuair nach bhfuil na habairtí measctha suas, féach ar an bponcaíocht (i.e. cuir isteach lánstadanna, comharthaí ceiste srl.).
- Tabhair abairtí do na daltaí go rialta agus iarr orthu iad a mheascadh suas agus iad a bhabhtáil le cara.
- Ar deireadh d'fhéadfá triail a bhaint as focal breise a chur isteach i ngnáthabairt agus iarr ar na daltaí é a aimsiú.

**Bileog Oibre 9 (H) – Tuiscint**

Bíonn níos mó tábhachta leis an gcumas chun tuiscint nó brí a bhaint as eolas atá curtha ar fáil de réir mar a théann na daltaí chun cinn tríd timthriall na scoile. Is minic gur réimse laigeachta é tuiscint na léitheoireachta i gcás cuid mhór daltaí a bhfuil RSO acu.

- Bíonn neamhréiteach mór idir an leibhéal/aois léitheoireachta agus an aois tuisceana a bhíonn acu. Úsáidimid téacs eolais anseo chun scileanna tuisceana a fhorbairt.



**Treoracha**

Cuireann úsáid téacs eolais (mapa) teorainn leis an téacs atá i gceist agus cinntíonn sé go bhfuil rochtain ar fáil i ngach réimse cumais.

Déantar scafallú agus saincheaptar na ceisteanna arís chun a chinntiú go n-éiríonn leis an gcleachtadh.

1. Déan staidéar cúramach ar an mapa agus téigh i gcleachtadh leis na gnéithe ann.
2. Téigh tríd ainmneacha an bhóthair agus na gnéithe ar an mapa mar ghrúpa agus iarr ar na daltaí na ceisteanna a fhreagairt.
3. B'fhéidir go mbeadh ort dul trí shampla leis an ngrúpa sula bhfreagraíonn siad an cheist ar threonna.

**Cleachtadh Sínte**

Ag dul ar aghaidh ón ngníomhaíocht seo d'fhéadfadh na daltaí

- Cleachtaí téacs eolais eile a stiúradh ar nós ceisteanna a fhreagairt ar liostáil Teilifíse, staitisticí a cuireadh ar fáil i gclár cluiche, nó ar tháblaí léige nó liostaí de chluichí.
- Ba bhuntáiste a bheadh ann ag an staid seo chomh maith do ghrúpaí cumais mheasctha teacht ar leideanna nó straitéisí chun cuidiú le ceisteanna a fhreagairt/ téacs a thuiscint.
- D'fhéadfadh siad na chúig leid is fearr a chur le chéile agus a thabhairt amach do gach páiste nó a thaispeáint ar ghráf.

**Tascanna do Pháistí Tréitheacha agus Sárphuacacha**

1. Críochnaigh mionthionscadal faoi bhunú an CLG agus cuir i láthair an méid a fuair tú amach don rang. (ag úsáid PowerPoint más féidir).
2. Déan taighde ar CLG i dtíortha eile. Píoc tír amháin agus cuir liosta de chlubanna agus comórtais le chéile.
3. Déan staidéar ar éachtaí an chlub nó na foirne contae áitiúil i ré faoi leith, (b'fhéidir foireann bhucach áitiúil). Cuir agallamh ar ball na foirne; cuir liosta de na torthaí agus fíricí an chluiche le chéile chomh maith le grianghraf. D'fhéadfá taispeáint do na páistí conas agallamh a thairfeadh. D'fhéadfadh leabharlanna áitiúla agus an tIdirlíon a bheith mar acmhainní úsáideacha.
4. Dearaigh réim bia shláintiúil agus plean folláine ar feadh seachtaine d'fhoireann na scoile. D'fhéadfadh na páistí an bhileog Tascanna a cuireadh ar fáil a úsáid: **BILEOG OIBRE 9K**.

